# Feasacht Teanga – CCanna Scoile

1. **Sannadh lá dúnadh scoile dúinn don Fheasacht Teanga, an bhfuil sé sin sa bhreis ar an Tacaíocht le haghaidh Feidhmiú Curaclaim?**

Tá, sannadh lá dúnadh scoile do gach scoil don Fheasacht Teanga sa bhreis ar an réimse curaclaim a sannadh daoibh. Roinneadh an dáta sin le scoileanna trí Chlárúchán Oide i mí an Mheithimh. Déanfaidh an Ceannaire Foghlama Gairmiúla (CFG) agus an tIonad Oideachais teagmháil leis an scoil roimh an EFG sin leis na sonraí ar fad.

2. **An gá do scoileanna baill den fhoireann teagaisc a chlárú roimh an lá dúnadh scoile a sannadh don Fheasacht Teanga?**

Ní mór do gach ball reatha den fhoireann teagaisc a bheith cláraithe faoi phróifíl na scoile ar an gcóras Clárúcháin Oide. Agus iad cláraithe, ní bheidh aon ghá le clárú aonair eile i dtaca le hEispéiris Foghlama Gairmiúla (EFGanna) a sannadh.

3. **An gcuirfear lón ar fáil mar chuid den Lá Dúnadh don Fheasacht Teanga?**

Ar an ábhar go mbeidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla seo ar siúl in aonaid lasmuigh den láthair agus ar an láthair i scoileanna, cuirfear lón ar fáil. Maidir le scoileanna a bheidh ag plé le dáta dúnadh don Fheasacht Teanga ar an láthair, socróidh siad a lónadóireacht féin le liúntas lóin a shannfar. Déanfaidh an tIonad Tacaíochta Oideachais na sonraí a roinnt leis na scoileanna lena mbaineann. **Tabhair do d'aird:** Beidh Tacaíocht le haghaidh Feidhmiú Curaclaim Oide ar siúl ar an láthair do **gach** scoil, agus ar an ábhar sin, ní bheidh liúntas lóin infheidhme ar na laethanta sin.

4. **An féidir le scoileanna an dáta don Fheasacht teanga a athrú?**

Mar gheall ar an líon mór scoileanna, líon na n-imeachtaí EFG do lá iomlán, chomh maith le cúrsaí sceidealaithe, tá dáta dúnadh atá ag scoil socraithe. Má thagann ann do chásanna eisceachtúla i do scoil, déan teagmháil le eolas@oide.ie

5. **An féidir le scoileanna a sannadh chuig cnuasach in Ionaid Tacaíochta Oideachais an cnuasach a sannadh dóibh a athrú?**

Cuireadh scoileanna i gcnuasaigh áirithe chun a chinntiú go mbeidh CFG Oide ar fáil chun an dúnadh a éascú. Níl aon solúbthacht ann chun cnuasaigh a athrú.

6. **Cad é ba cheart do bhaill foirne a thabhairt leo chuig a Lá Dúnadh a sannadh don Fheasacht Teanga?**

Ba cheart do bhaill foirne cóip den tSonraíocht Teanga a thabhairt leo chuig a Lá Dúnadh don Fheasacht Teanga.

**Oifig an Stiúrthóra Bainistíochta, Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan, A91 C7D8**
Managing Director's Office, Chapel Street, Dundalk, A91 C7D8
info@oide.ie
www.oide.ie

7. **Má tá múinteoir ar shaoire ghearrthéarma (Lá Saoire Pearsanta Breise, ag freastal ar bhainis dhuine muinteartha, tinn) ar a lá dúnadh scoile, cad a dhéanann siad?**

Mar gheall ar an méid atá ag an bhfeidhmiú céimneach náisiúnta seo agus an t-achar ama teoranta chun é a éascú, ní bheidh an EFG seo ar siúl arís. Maidir le múinteoirí a bhí as láthair ar an dáta a tugadh dóibh, níl Oide in ann freastal orthu ag EFG eile. Beidh na hábhair uilig a bhaineann leis an lá ar fáil ar www.oide.ie.

8. **I gcás postroinnte, an ndéanann an bheirt mhúinteoirí freastal? An bhfaigheann an duine nár cheart a bheith ag obair ar an lá sin 'Lá in ionad'?**

Pléitear le laethanta pleanála inseirbhíse/scoile maidir le múinteoirí postroinnte sna Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna Aitheanta (Caibil 9). Múinteoirí postroinnte i mbunscoileanna a bhfuil orthu freastal ar chúrsaí/laethanta pleanála scoile ar laethanta nach bhfuil siad ag múineadh, deonófar saoire in ionad na laethanta seo dóibh. Ní dheonófar saoire in ionad más cuid den ngealltanas uaireanta breise faoi na Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí reatha é freastal an mhúinteora ar na laethanta seo. Má táthar chun saoire in ionad a dheonú ba chóir a dheimhniú gur freastalaíodh ar chúrsa/lá pleanála scoile a thabhairt don bhfostóir i scríbhinn chun go n-iontrálfar sa OLCSL/córas BOO lena mbaineann é mar is cuí. Ní íocann an Roinn/BOO as múinteoir ionaid i gcomhair na laethanta seo.

9. **Cé leis a ndéanann múinteoirí roinnte freastal?**

Moltar do mhúinteoirí atá á roinnt/ ag obair idir scoileanna freastal ar an lá dúnadh lena scoil bhunáite.

10. **An bhfaighidh gach ball foirne teastas tinrimh don EFG don Fheasacht Teanga?**

Ní eiseofar teastais tinrimh. Tá sé de dhualgas ar bhainistíocht na scoile taifead a choinneáil ar thinreamh foirne ar lá dúnadh scoile sannta.